# Socrú Ceannaigh Teaghaise Inacmhainne
# Beartas Measúnaithe Ioncaim[1]

## 1. Cúlra agus Aidhm an Bheartais Mheasúnaithe Ioncaim do Thithíocht Inacmhainne

Leagtar amach sa bheartas seo, arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an bealach ina ndéanfaidh údaráis tithíochta measúnú ar ioncam iarratasóirí chun críche incháilitheacht do shocrú ceannaigh teaghaise inacmhainne a chinneadh faoi alt 10 d'Acht na dTithe Inacmhainne 2021 agus Rialachán 2 de na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne
2022.

## 2. Ioncam comhlán is ea an t-ioncam inmheasúnaithe

Tá an cinneadh an gcomhlíonann iarratasóir na critéir ioncaim i Rialachán 2(1) de na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne 2022 bunaithe ar ríomh ar a mheánioncam comhlán 12 mhí roimhe sin roimh an dáta a fuarthas an t-iarratas. Déanfar ioncam na ndaoine go léir a dhéanfaidh an t-iarratas a mheasúnú.

## 3. Ioncam is inmheasúnaithe agus iarratais ar shocruithe ceannaigh teaghaise inacmhainne á mbreithniú

Faoi réir mhír 4, tá na hioncaim seo a leanas inmheasúnaithe chun críocha incháilitheachta do shocruithe ceannaigh teaghaise inacmhainne a mheasúnú:

(a) ioncam ó fhostaíocht lena n-áirítear íocaíochtaí ragoibre, bónais agus coimisiúin, a bheidh inmheasúnaithe mar seo a leanas:

  (i) ragobair: teoranta go ginearálta d'uasmhéid 10% den bhunioncam, ach féadfar ragobair rialta a chur san áireamh;

  (ii) bónas: teoranta d'uasmhéid 10% den bhunioncam;

  (iii) coimisiún: teoranta d'uasmhéid 30% den bhunioncam, nuair is infheidhme;

(b) ioncam ó fhein-fhostaíocht;

(c) íocaíochtaí cothabhála faighte;

(d) ioncam ó mhaoin ar cíos, díbhinní, infheistíochtaí caipitil agus foinsí eile ioncaim cosúil leo seo;

[1] V1 20/04/2022
Foinse – An tAonad um Cheannach Inacmhainne agus um Chíos Costais. Ríomhphost LAaffordablepurchase@housing.gov.ie

(e) pinsin ghairme agus leasa shóisialaigh, ó cibé foinse, lena n-áirítear foinsí thar lear;

(f) seachas na híocaíochtaí sonracha a liostaítear i mír 4 a dtugtar neamhaird orthu, an t-ioncam ar fad ó íocaíochtaí árachais shóisialaigh agus cúnaimh shóisialaigh, liúntais agus sochair, lena n-áirítear Íocaíocht Teaghlaigh Oibre.

Tá fomhír (c) agus ioncam ó réadmhaoin ar cíos, a luaitear i bhfomhír (d), faoi réir cibé coinníollacha nó critéir a leagfar amach i dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**4. Ioncam nach bhfuil inmheasúnaithe**

Agus ioncam iarratasóirí á measúnú chun críocha an bheartais seo, féadfaidh údarás tithíochta cinneadh a dhéanamh neamhaird a dhéanamh d'ioncam aonuaire, ioncam atá sealadach nó gearrthéarmach agus atá lasmuigh de phatrún rialta ioncam bliantúil duine.

Déanfar neamhaird, i ngach cás, ar ioncam ó na foinsí seo a leanas agus ioncam á mheasúnú:

(a) Íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) Sochar Linbh;

(ii) Íocaíochtaí Caomhnóra (Ranníocach);

(iii) Íocaíochtaí Caomhnóra (Neamh-Ranníocach);

(iv) Liúntas Cúramóra, ráta iomlán nó leathráta;

(v) Sochar Cúramóra;

(vi) Liúntas Cúraim Baile;

(vii) Liúntas do Thinreamh Leanúnach;

(viii) Liúntas Gaoil Fhorordaithe;

(ix) Liúntas Leictreachais nó Gáis;

(x) Liúntas Breosla;

(xi) Liúntas Teileafóin;

(xii) Méadú do Mhaireachtáil ar Oileán Sonraithe;

(xiii) Liúntas Maireachtála Aonair;

(xiv) Forlíonadh Cothaithe;

(xv) Íocaíochtaí faoin Scéim Cúraim Leighis;

(xvi) Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair;

(xvii) Sochar/Pinsean Míchumasachta;

(xviii) Íocaíochtaí aonuaire nó íocaíochtaí neamhrialta, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Deontas Tacaíochta do Chúramóirí (ar a dtugtaí Deontas Cúraim Faoisimh roimhe seo), Deontas Tacaíochta Oiliúna, Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar an Scoil, Íocaíocht Riachtanas Eisceachtúil, Íocaíocht um Riachtanais Phráinneacha, Scéim um Chúnamh Daonnúil, Deontas Sochraide;

(b) an méid ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Forlíontach a fuarthas ó scéimeanna fostaíochta pobail lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

(i) an Clár Fostaíochta Pobail;

(ii) an Clár Seirbhísí Pobail;

(iii) Tairseach;

(iv) an Scéim Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg;

(v) an Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS);

(vi) Tús;

(c) an méid ioncaim de bhreis ar an ráta Leasa Forlíontach a fuarthas mar íocaíochtaí uathu seo a leanas:

(i) An Roinn Coimirce Sóisialaí;

(ii) An Roinn Oideachais;

(iii) an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta;

(iv) aon Roinn Rialtais nó gníomhaireacht stáit maidir le cúrsa oideachais nó oiliúna;

(d) Íocaíochtaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) Liúntas Cúraim Altrama;

(ii) Liúntas Leasa na nDall;

(iii) Liúntas soghluaisteachta;

(e). Íocaíochtaí ón Roinn Oideachais, nó faoi scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn sin, maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) Scéimeanna deontas mac léinn;

(ii) Scéim um Theagasc Baile;

(iii) Liúntas oiliúna Ógtheagmhála;

(f) Íocaíochtaí a fuarthas mar liúntas oiliúna le linn do chúrsa oiliúna athshlánúcháin a bheith á déanamh ag eagraíocht a cheadaigh an tAire Sláinte;

(g) Íocaíochtaí ó eagraíochtaí carthanachta, ar comhlachtaí iad a sheoltar a ngníomhaíochtaí ar bhealach eile seachas ar mhaithe le brabús (ach gan aon údarás áitiúil nó údarás poiblí eile chur san áireamh) agus ar ceann dá bhfeidhmeanna cabhrú le daoine atá i ngátar trí airgead a dheonú dóibh;

(h) Íocaíochtaí a thagann leis an Sochar Linbh arna ndéanamh ag -

(i) Ballstát, seachas an Stát, nó

(ii) an Ríocht Aontaithe (faoi shocruithe um Chomhlimistéar Taistil);

(i) Scoláireachtaí maidir le freastal ar chúrsaí ceadaithe arna soláthar ag forais cheadaithe, de réir bhrí ailt 7 agus 8 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 (Uimh. 4 de 2011), faoi seach.